

Treoir do Rialaitheoirí Sonraí a Bhfuil Rialú ar Shonraí Cailte acu le Tríú Páirtí



Tugtar cosaint do chearta cosanta sonraí daoine aonair faoin [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí \(GDPR\)](#) agus faoin [Acht um Chosaint Sonraí 2018](#), (an tAcht), faoin [gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine](#), [an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh](#), agus [Bunreacht na hÉireann](#). Léiríonn na freagrachtaí a leagann an GDPR agus an tAcht ar rialaitheoirí sonraí (duine, comhlacht nó cuideachta eile a dhéanann cinneadh maidir le modhanna próiseála ar shonraí pearsanta) an tábhacht a bhaineann leis na cearta sin. Tá chomh suntasach agus atá na freagrachtaí sin soiléir i gcás go gcailleann rialaitheoirí sonraí an rialú atá acu ar shonraí pearsanta.

D'fhéadfadh riosca tromchúiseach a bheith i gceist ar chearta na n-ábhar sonraí i gcás go gcoimeádfadh tríú páirtí sonraí pearsanta. D'fhéadfadh cuid de na sáruithe ar shonraí pearsanta - litreacha nó ríomhphoist a bhfuil an seoladh mícheart orthu mar shampla - sonraí pearsanta a thabhairt do thríú páirtithe éigiontacha nach raibh rún ná súil ar bith acu sin a fháil. I bhformhór na gcásanna, is leor go gcuirfeadh an rialaitheoir sonraí iarrata chuig an bhfaighteoir na sonraí a chur ar ais, iad a ghlanadh nó iad a scriosadh agus bíonn siad sásta sin a dhéanamh de ghnáth.

Ach, níl gach faighteoir sásta comhoibriú leis an iarraidh na sonraí a chur ar ais nó iad a ghlanadh. D'fhéadfadh daoine a fhaigheann ríomhphoist, cáipéisí nó comhaid cinneadh a ghlacadh iad a choimeád chun a gcríche féin. D'fhéadfadh daoine mailíseacha bagairt a dhéanamh na sonraí sin a nochtadh nó iad a úsáid ar bhealaí neamhdhleathacha.

Is faoi chúram an rialaitheora sonraí dleathaigh atá sé a chinntiú go nglantar nó go gcuirtear ar ais sonraí pearsanta atá á gcoimeád go héagórach. Tagann an cúram seo chun cinn de bharr dualgais an rialaitheora na sonraí a phróiseáil ar bhealach slán agus chun bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm atá ábhartha don riosca a thagann as an bpróiseáil sin.

Sa chás nach n-aontaíonn tríú páirtí sonraí pearsanta atá á gcoimeád go héagórach a chur ar ais nó a ghlanadh, molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) go nglacfadh rialaitheoirí sonraí gníomh go pras agus gach beart réasúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá ann d'ábhair sonraí agus a gcearta agus sin a mhaolú.

Seachas an sárú agus an fhaisnéis ábhartha ar fad a thuairisciú don DPC (mar a éilítear faoi [Airteagal 33 den GDPR](#)), ba cheart do rialaitheoirí:

- An tríú páirtí a chur ar an eolas go bhfuil an coimeád atáthar a dhéanamh ar shonraí mhídhleathach agus go bhfuil sin ina shárú ar chearta an ábhair sonraí;
- Dul i mbun comhairle lena gcomhairleoirí dlí maidir le leigheasanna, lena n-áirítear urghairí, a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dóibh; agus
- Ba cheart cuimhneamh glaoch a chur ar na gardaí maidir le cásanna cuí.